**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*Suí iomlánach*

**B10-0191/2024**

25.11.2024

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

chun an díospóireacht maidir leis na ráitis ón gComhairle agus ón gCoimisiún a thabhairt chun deiridh

de bhun Riail 136(2) de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le tacaíocht bhuanseasmhach an Aontais don Úcráin a threisiú i gcoinne chogadh foghach na Rúise agus an chomhair mhíleata atá ag dul i méid idir an Chóiré Thuaidh agus an Rúis
(2024/2940(RSP))

**Villy Søvndal, Sergey Lagodinsky, Maria Ohisalo, Markéta Gregorová, Mārtiņš Staķis, Ville Niinistö, Nicolae Ştefănuță, Reinier Van Lanschot**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**B10-0191/2024**

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le tacaíocht bhuanseasmhach an Aontais don Úcráin a threisiú i gcoinne chogadh foghach na Rúise agus an chomhair mhíleata atá ag dul i méid idir an Chóiré Thuaidh agus an Rúis**
**(2024/2940(RSP))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do na rúin uaithi roimhe seo maidir leis an Úcráin, an Rúis agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (an Chóiré Thuaidh),

– ag féachaint do Chairt na Náisiún Aontaithe, do Choinbhinsiúin na Háige, do Choinbhinsiúin na Ginéive agus do na prótacail bhreise a ghabhann leo agus do Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta,

– ag féachaint do na rúin uile ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCóiré Thuaidh, go háirithe Rún 1874 agus Rún 2094,

– ag féachaint don ráiteas ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh an 25 Deireadh Fómhair 2024 maidir le tuairiscí go bhfuil trúpaí á gcur ag DPDC chuig an Rúis,

– ag féachaint do ráiteas ón Aontas Eorpach an 20 Samhain 2024 ag Bord Gobharnóirí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) maidir le coimircí a chur i bhFeidhm i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré,

– ag féachaint do ráiteas comhpháirteach an 18 Samhain 2024 ó airí gnóthaí eachtracha na Fionlainne agus na Gearmáine maidir leis an gcábla teasctha faoin bhfarraige i Muir Bhailt,

– ag féachaint do dhearbhú comhpháirteach an 19 Samhain 2024 ó airí gnóthaí eachtracha na Gearmáine, na Fraince, na Polainne, na hIodáile, na Spáinne agus na Ríochta Aontaithe i Vársá,

– ag féachaint do Riail 136(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil breis agus míle lá caite ó sheol Cónaidhm na Rúise, an 24 Feabhra 2022, ionsaí leanúnach eile nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo mar chuid dá cogadh foghach gan chúis, gan údar agus neamhdhleathach i gcoinne na hÚcráine; de bhrí gur thosaigh fogha na Rúise i gcoinne na hÚcráine in 2014 le forghabháil codanna de réigiún Donbas agus le forghabháil agus ionghabháil neamhdhleathach Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé; de bhrí, de réir Mhisean Speisialta Faireacháin na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip chun na hÚcráine, go raibh ionsaithe le sliogáin airtléire agus lámhach mionairm ar leibhéal íseal ag pearsanra míleata na Rúise feadh na líne teagmhála ar bhonn beagnach laethúil idir 2014 agus 2022;

B. de bhrí go leanann fórsaí na Rúise d’ionsaithe córasacha agus neamh-idirdhealaitheacha a dhéanamh ar limistéir chónaithe agus ar bhonneagar sibhialtach san Úcráin; de bhrí

gur leanadh de bhombardú trom agus dian in éineacht le troid ar an talamh i rith 2024; de bhrí go bhfuil rochtain an-teoranta ar sheirbhísí riachtanacha do shibhialtaigh, saoráidí cúraim sláinte agus scoileanna mar thoradh ar thonnta ionsaithe na Rúise ar bhonneagar fuinnimh lena gcuirtear isteach ar sholáthairtí cumhachta agus uisce, agus go meastar go mbeidh impleachtaí níos fadtéarmaí ann agus go rachaidh an staid in olcas le linn an gheimhridh;

C. de bhrí gur sheol an Rúis ionsaí ollmhór an 17 Samhain 2024 ar bhonneagar sibhialtach agus ar limistéir chónaithe ag baint úsáid as thart ar 120 diúracán agus 90 ladrann, lenar maraíodh agus lenar gortaíodh go leor daoine; de bhrí go raibh roinnt de na hionsaithe dírithe ar fhostáisiúin leictreachais, atá ríthábhachtach d'oibriú stáisiúin cumhachta núicléiche na hÚcráine; de bhrí, an lá céanna, gur thuairiscigh IAEA gur gearradh línte cumhachta ó cheithre fhostáisiún go trí stáisiún cumhachta núicléiche agus gur laghdaíodh an t-aschur i sé cinn de na naoi n-imoibreoir núicléacha ar na trí shuíomh;

D. de bhrí go bhfuil bombardú ag líon mór buamaí faoileoireachta ar cheann de na mórbhagairtí ar bhonneagar criticiúil, ar phobail shibhialtacha agus ar fhórsaí cosanta na hÚcráine, ar féidir le haerárthaí Rúiseacha iad a sheoladh ó achair mhóra a fhágann go bhfuil sé deacair d'aerchosaintí na hÚcráine cosaint a dhéanamh ina gcoinne;

E. de bhrí go bhfuil buntáiste fós ag an Rúis san aer agus i dtrúpaí ar an talamh ós rud é go bhfuil thart ar 520 000 trúpa san Úcráin faoi láthair agus go bhfuil sé beartaithe ag an Rúis an líon sin a ardú go 690 000 faoi dheireadh 2024; de bhrí go bhfuil géarghanntanas pearsanra san Úcráin atá ag dul i méid; de bhrí gur thuairiscigh údaráis na hÚcráine, na Cóiré Theas agus na Stát Aontaithe go bhfuil thart ar 11 000 trúpa de chuid na Cóiré Thuaidh tagtha chun na Rúise chun páirt a ghlacadh in ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine; de bhrí go léirítear i dtuarascálacha go bhfuil na saighdiúirí sin ag glacadh páirte cheana féin i gcathanna i réigiún Kursk na Rúise; de bhrí, de réir tuarascálacha ó na meáin, go bhféadfadh an Chóiré Thuaidh suas le 100 000 trúpa a imscaradh i ndáiríre;

F. de bhrí gur shínigh agus gur dhaingnigh an Chóiré Thuaidh agus an Rúis an Conradh um Chomhpháirtíocht Straitéiseach Chuimsitheach le déanaí, lena gceanglaítear ar an dá thír gach modh atá ar fáil a úsáid chun cúnamh míleata a chur ar fáil láithreach má dhéantar ionsaí ar cheachtar acu; de bhrí go gcuireann an conradh de cheangal ar an dá thír comhoibriú go gníomhach ina n-iarrachtaí chun 'ord domhanda nua cóir agus ilpholach' a bhunú agus comhar maidir le fuinneamh adamhach, spás, soláthar bia, trádáil agus geilleagar a neartú;

G. de bhrí go bhfuil a táirgeadh míleata féin á mhéadú go tapa ag an Rúis, agus gur shroich caiteachas míleata thart ar EUR 140 billiún in 2024; de bhrí go bhfuil an Rúis ag baint úsáid freisin as stoc-charn armlóin agus sliogáin airtléire na Bealarúise agus as diúracáin bhalaistíocha ón gCóiré Thuaidh, chomh maith le ladrainn agus diúracáin na hIaráine; de bhrí gur aistrigh an Iaráin lastais diúracán balaistíoch neasraoin Fath-360 chuig an Rúis; de bhrí go bhfuil smachtbhannaí nua tugtha isteach ag AE, ag an bhFrainc, ag an nGearmáin agus ag an Ríocht Aontaithe i gcoinne na hIaráine mar fhreagairt air sin;

H. de bhrí go léirítear i dtuarascálacha ó na meáin go bhfuil na céadta fear Éimineach

earcaithe ag fórsaí armtha na Rúise chun troid san Úcráin; de bhrí, de réir tuarascálacha breise, go bhfuil Moscó ag tabhairt cúnaimh do na Houthi, lena n-áirítear díriú ar shonraí le haghaidh lainseálacha diúracán agus, b'fhéidir, díolacháin diúracán frithlong ardleibhéil de chuid na Rúise;

I. de bhrí gur chinn Uachtarán na Stát Aontaithe Joe Biden le déanaí deireadh a chur le roinnt srianta ar úsáid diúracán le raon níos faide ag an Úcráin i gcoinne spriocanna míleata dlisteanacha sa Rúis; de bhrí gur tuairiscíodh gur cuireadh deireadh le srianta ar úsáid diúracán ATACMS, le raon uasta thart ar 300 km, do réigiún Kursk na Rúise; de bhrí, de réir tuarascálacha ó na meáin, go ndearna rialtas SAM an cinneadh mar fhreagairt ar imscaradh thrúpaí na Cóiré Thuaidh, agus é mar aidhm leis sin an Chóiré Thuaidh a dhíspreagadh ó níos mó trúpaí a sheoladh;

J. de bhrí go léirítear i dtuarascálacha ó na meáin freisin go bhfuil deireadh curtha ag an bhFrainc agus ag an Ríocht Aontaithe le roinnt srianta ar úsáid diúracán Storm Shadow/Scalp i gcoinne spriocanna míleata dlisteanacha sa Rúis atá laistigh de raon 250 km an airm sin;

K. de bhrí go bhfuil leibhéal íseal cabhrach míleata fós ann ó thaobh cáilíochta agus cainníochta de agus moill ar sheachadadh iarbhír arm agus armlóin chuig an Úcráin tar éis cinntí seachadta a dhéanamh; de bhrí nár seachadadh go fóill líon suntasach de na córais a bhí an Úcráin ceaptha a fháil tar éis an chinnidh a rinneadh ag Cruinniú Mullaigh ECAT;

L. de bhrí, ag cruinniú airí cosanta AE i mí Feabhra 2024, gur fhógair Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (VP/HR) Josep Borrell go raibh gealltanas tugtha ag na Ballstáit EUR 21 bhilliún ar a laghad de chabhair mhíleata a sheoladh chuig an Úcráin le linn 2024;

M. de bhrí go bhfuil an Ungáir ag cur bac ar an gCiste Cúnaimh don Úcráin (UAF), ar ciste nuabhunaithe ar fiú EUR 5 bhilliún é, a bunaíodh i mí an Mhárta 2024 laistigh den tSaoráid Eorpach Síochána (EPF) agus ar an ochtú tráinse d'aisíocaíochtaí EPF do na Ballstáit a bhfuil cabhair mhíleata á seachadadh acu chuig an Úcráin le nach mór dhá bhliain anuas;

N. de bhrí gur bhain Príomh-Aire agus Aire Gnóthaí Eachtracha na hUngáire mí-úsáid as a nUachtaránacht ar an gComhairle trí thaisteal go Moscó agus trí dhul i mbun cainteanna taidhleoireachta le stát is ionsaitheoir; de bhrí go ndearna an Ungáir babhtaí éagsúla de smachtbhannaí AE ar an Rúis a chrosadh, a mhoilliú nó a mhaolú arís agus arís eile, rud a chuireann go díreach le cumas stát na Rúise a gheilleagar cogaidh a choinneáil;

O. de bhrí, an 18 Samhain 2024, gur stop an cábla 1 200 km a nascann Heilsincí le calafort Rostock sa Ghearmáin ag oibriú; de bhrí go ndeachaigh nasc idirlín 218 km idir an Liotuáin agus oileán Gotland na Sualainne as seirbhís an 17 Samhain 2024; de bhrí go bhfuil amhras ar údaráis Eorpacha go bhfuil an long Yi Peng 3, a bhfuil bratach na Síne ar foluain aici, freagrach as an damáiste don dá chábla faoin bhfarraige; de bhrí gur chuir cabhlach na Danmhairge stop leis an soitheach ina huiscí teorann agus go bhfuil an teagmhas á imscrúdú ag roinnt údarás Eorpach;

P. de bhrí gur léirigh atoghadh Donald Trump chuig an Teach Bán imní mhór faoi bheartas

dothuartha na Stát Aontaithe i leith na Rúise amach anseo agus faoi laghdú ar thacaíocht pholaitiúil agus ar chúnamh míleata don Úcráin ó na Stáit Aontaithe;

Q. de bhrí gur chuir an tUachtarán Zelenskyy Plean Síochána na hÚcráine i láthair i mí Mheán Fómhair 2022, inar leagadh amach 10 gceanglas maidir le síocháin chóir don Úcráin agus maidir leis an ord riailbhunaithe a athbhunú; de bhrí, mar obair leantach air sin, gur tionóladh an chéad Chruinniú Mullaigh maidir leis an tSíocháin san Úcráin san Eilvéis i mí an Mheithimh 2024 agus gur fhreastail níos mó ná 90 stát air; de bhrí gur fhógair an Úcráin pleananna don dara Cruinniú Mullaigh maidir leis an tSíocháin a dtabharfaí cuireadh don Rúis chuige, ach dhiúltaigh Moscó láithreach don chuireadh sin; de bhrí, níos luaithe i mbliana, gur chuir an tUachtarán Zelenskyy Plean Bua na hÚcráine i láthair, inar leagadh amach céimeanna lena gcruthófar dálaí chun seasamh na hÚcráine a neartú chun deireadh a chur leis an gcogadh ar théarmaí fabhracha don Úcráin agus chun síocháin agus cobhsaíocht dhomhanda a fheabhsú;

1. ag cáineadh, go neamhbhalbh, chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, chomh maith le rannpháirtíocht na Bealarúise sa chogadh sin, agus á éileamh go gcuirfidh an Rúis deireadh láithreach le gníomhaíochtaí míleata uile san Úcráin, go dtarraingeoidh sí na fórsaí agus an trealamh míleata uile siar gan choinníoll ó chríoch iomlán na hÚcráine a aithnítear go hidirnáisiúnta agus go gcúiteoidh sí an Úcráin as an damáiste a rinneadh dá muintir, dá talamh agus dá bonneagar;

2. á chur in iúl go bhfuil sí ag seasamh i ndlúthpháirtíocht iomlán le muintir na hÚcráine, go dtacaíonn sí go hiomlán le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá cuid teorainneacha atá aitheanta go hidirnáisiúnta, agus á chur i bhfios go láidir gur sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta é an cogadh seo; á chur i bhfáth gurb é an sprioc dheiridh i gcónaí síocháin chóir agus bhuan a bhaint amach san Úcráin ar théarmaí na hÚcráine, lena n-áiritheofar sábháilteacht agus dínit mhuintir na hÚcráine laistigh d’Eoraip shíochánta agus chobhsaí;

3. á chur in iúl go dtacaíonn sí go láidir le Plean Síochána agus Plean Bua na hÚcráine mar an bonn is fearr le haghaidh síocháin chóir, chuimsitheach agus mharthanach do mhuintir na hÚcráine agus don réigiún i gcoitinne; á chur i bhfáth go bhfuil na hacmhainní ag AE agus a Bhallstáit, in éineacht lena chomhpháirtithe ECAT agus comhpháirtithe nach baill de ECAT iad, chun na spriocanna a leagtar amach sa dá straitéis sin a bhaint amach;

4. á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit tacú go réamhghníomhach le Plean Síochána agus Plean Bua na hÚcráine mar ábhar fíorphráinne, agus straitéis shoiléir a fhorbairt, gan a thuilleadh moille, le spriocanna sonracha, na huirlisí agus na gníomhaíochtaí is gá a shainaithint chun na spriocanna sin a bhaint amach sna míonna agus sna blianta amach romhainn, agus a áirithiú go mbeidh ról lárnach ag AE maidir le síocháin chóir, chuimsitheach agus mharthanach a bhaint amach don Úcráin;

5. á chur i bhfáth, ina leith sin, a thábhachtaí atá tacaíocht dhomhanda do Phlean Síochána agus Plean Bua na hÚcráine; ag tathant ar an gCoimisiún, ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit dul i dteagmháil le tíortha sa Domhan Theas sa chomhthéacs sin agus an bealach a réiteach chun an dara Cruinniú Mullaigh maidir

leis an tSíocháin a thionól;

6. ag tathant ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt go láidir ar rannpháirtíocht dhíreach agus ionsaitheach na Cóiré Thuaidh sa choinbhleacht idir an Rúis agus an Úcráin; á chreidiúint gur géarú do-ghlactha agus gan fasach ag an Rúis é trúpaí comhraic na Cóiré Thuaidh a imscaradh ar mhór-roinn na hEorpa, nach mór aghaidh a thabhairt air leis an bhfreagairt is láidre is féidir; á mheas go ndearna an Chóiré Thuaidh trúpaí a imscaradh agus airm a aistriú chuig an Rúis, go háirithe diúracáin bhalaistíocha, sárú millteanach ar rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus gníomh naimhdeach aontaobhach ón gCóiré Thuaidh lena gcuirtear slándáil na hEorpa i mbaol; á chur i bhfáth gur gá do AE agus dá Bhallstáit dul i dteagmháil go pras leis an tSín maidir leis an ábhar ós rud é go bhfuil an Chóiré Thuaidh fós ag brath go mór ar a comharsa;

7. á iarraidh ar Bhallstáit uile AE agus na Náisiún Aontaithe a seacht ndícheall a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme rúin uile Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCóiré Thuaidh agus bac réamhghníomhach a chur ar aon bhealaí don Chóiré Thuaidh chun maoiniú, ábhair agus eolas a fháil dá cláir arm neamhdhleathach;

8. ag cáineadh gníomhartha a rinneadh le déanaí i Muir Bhailt a bhfuil damáiste déanta acu do bhonneagar criticiúil na hEorpa; á chur i bhfáth a phráinní atá sé imscrúdú a dhéanamh ar na teagmhais thromchúiseacha sin agus faisnéis a scaoileadh faoi dhéantóirí na coire agus faoina n-intinní; á chur i bhfios go láidir go gcreideann roinnt ionadaithe ó rialtais na hEorpa gur gníomh tromchúiseach sabaitéireachta é an teagmhas seo a tharla le déanaí; á iarraidh ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí agus ar na Ballstáit freagairt le bearta a bhfuil tionchar acu ar an gcaidreamh déthaobhach leis na gníomhaithe stáit atá freagrach, go háirithe an tSín agus an Rúis, má chruthaíonn fianaise a rannpháirtíocht;

9. á chur in iúl gur geal léi gur síníodh na gealltanais chomhpháirteacha slándála idir AE agus an Úcráin agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhú go pras chun na gealltanais a chur chun feidhme go héifeachtach, agus na hiarrachtaí sin a shioncrónú le straitéis AE maidir le Plean Síochána agus Plean Bua na hÚcráine a chur chun feidhme; ag tacú, i ndáil leis an méid sin, leis an togra ón Leas-Uachtarán/Ardionadaí Borrell chun aonad comhordúcháin tacaíochta míleata AE a bhunú i gCív, go díreach faoi Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais mar thaca leis an Úcráin;

10. á chur i bhfios go láidir go bhfuil baol ann go mbainfidh seachadtaí neamhleora nó moillithe arm agus armlóin an bonn ó na hiarrachtaí a rinneadh go dtí seo agus, dá bhrí sin, ag tathant ar na Ballstáit a dtacaíocht mhíleata a mhéadú go suntasach agus dlús suntasach a chur léi mar ábhar fíorphráinne, go háirithe soláthar arm, lena n-áirítear diúracáin TAURUS, agus armlón mar fhreagairt ar riachtanais atá sainaitheanta go soiléir; ag cur béim ar an bhfíoras nár seachadadh go fóill líon suntasach de na córais a bhí an Úcráin ceaptha a fháil tar éis an chinnidh a rinneadh ag Cruinniú Mullaigh ECAT; á chur in iúl gur geal léi na cinntí a rinneadh le déanaí diúracáin le raon níos faide a úsáid chun díriú ar spriocanna míleata dlisteanacha ar chríoch na Rúise; ag tathant ar na Ballstáit agus ar chomhpháirtithe idirnáisiúnta na teorainneacha uile a

fhorchuirtear ar úsáid arm an Iarthair ag an Úcráin le haghaidh spriocanna míleata dlisteanacha i gcríoch na Rúise a tharraingt siar, rud a thagann salach ar chearta na hÚcráine faoin dlí poiblí idirnáisiúnta;

11. á chur in iúl gur saoth léi go mór an laghdú atá ag teacht ar mhéid airgeadais na cabhrach míleata déthaobhaí don Úcráin ó na Ballstáit, in ainneoin ráitis láidre a rinneadh ag tús na bliana seo, atá ag teacht salach anois ar chinntí rialtais a rinneadh le déanaí agus ar na fadhbanna tromchúiseacha a bhaineann le feidhmiú foriomlán phríomhshásra AE (EPF) chun cabhair mhíleata dhéthaobhach don Úcráin a dhreasú; ag tabhairt dá haire gur cheart acmhainní airgeadais a eascraíonn as sócmhainní reoite na Rúise a mheas mar acmhainní breise agus nach féidir iad a chur in ionad cistiú don Úcráin ó bhuiséid stáit atá ann cheana;

12. ag athdhearbhú mheasúnú an Leas-Uachtaráin/Ardionadaí Borrell ar imshuí do-ghlactha na hUngáire de suas le EUR 6.6 billiún de chistí EPF, atá ceaptha codanna den chabhair mhíleata dhéthaobhach a aisíoc agus atá reoite go páirteach anois le breis agus bliain go leith; á iarraidh ar na Ballstáit, ar Uachtarán an Choimisiúin, agus ar an Leas-Uachtarán/Ardionadaí a seacht ndícheall a dhéanamh cros na hUngáire a shárú mar ábhar práinne; á athdhearbhú gur gá cearta vótála na hUngáire a chur ar fionraí i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos le hAirteagal 7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach; á iarraidh ar an gComhairle na clásail *passerelle* a ghníomhachtú chun vótáil trí thromlach cáilithe a thabhairt isteach maidir le hábhair a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála; á chur i bhfáth, má fhanann Ciste Cúnaimh don Úcráin EPF agus tráinsí aisíocaíochta a bhí ann roimhe seo blocáilte go dtí an chéad Chomhairle Eorpach eile, nach mór do AE formáid nua a bhunú go práinneach agus láithreach bonn chun ligean do na Ballstáit sin atá toilteanach agus in ann cabhair mhíleata a chur ar fáil don Úcráin é sin a dhéanamh, agus chun inchreidteacht AE sa ról sin a athbhunú, nó chun ranníocaíochtaí náisiúnta a aisíoc ionas nach gcuirfear bac ar mhaoiniú rianúil cúnaimh dhéthaobhaigh ar bhonn náisiúnta amháin;

13. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí líon agus cáilíocht cheart na tacaíochta míleata don Úcráin a áirithiú, uainiú ceart an tseachadta agus na gceart úsáide a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar scrogaill táirgthe dhomhanda a dhéanann difear do tháirgeadh arm intíre na hÚcráine, chun cur ar chumas na hÚcráine a hiomláine chríochach a athbhunú go nithiúil; á iarraidh, go háirithe, ar na Ballstáit sin nach bhfuil ag comhlíonadh a ngealltanas féin maidir le táirgí cosanta a tháirgeadh agus tacaíocht dhíreach a thabhairt d’acmhainneachtaí táirgeachta ábhartha chun dul i mbun comhfhiontar leis an Úcráin nó orduithe a dhéanamh go díreach san Úcráin; á iarraidh ar na Ballstáit dlús a chur le hinfheistíochtaí díreacha chun acmhainneacht thionsclaíoch mhíleata na hÚcráine a mhéadú, agus an tsamhail atá in úsáid ag an Danmhairg á leanúint; á iarraidh ar AE an tsamhail sin a áireamh sa Chiste Cúnaimh don Úcráin;

14. á athdhearbhú a seasaimh roimhe seo gur cheart do Bhallstáit uile an Aontais Eorpaigh agus do chomhghuaillithe ECAT le chéile agus ina n-aonair geallúint go dtacóidh siad go míleata leis an Úcráin le 0.25 % dá n-olltáirgeacht intíre in aghaidh na bliana ar a laghad; á chur i bhfáth go bhfuil gá leis an ngealltanas sin anois níos mó ná riamh tar éis do Donald Trump a bheith atofa chuig an Teach Bán;

15. á chur in iúl go gcreideann sí nach féidir síocháin mharthanach a bhaint amach ach

amháin má tá cinnteacht ann nach n-ullmhóidh agus nach seolfaidh an Rúis ionsaí eile tar éis deireadh a chur leis an gcogaíocht; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go gcuirfí dlús leis an bplé maidir le ballraíocht ECAT na hÚcráine amach anseo agus go ndéanfaí an plé sin a threisiú;

16. á iarraidh ar an gComhairle a beartas smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus na Bealarúise a choinneáil ar bun agus a leathnú, agus faireachán, athbhreithniú agus feabhsú á ndéanamh ar a éifeachtacht agus ar a tionchar; á chur i bhfáth go mbeidh níos lú tionchair ag na smachtbhannaí atá ann cheana, chomh maith le níos lú tacaíochta airgeadais agus mhíleata don Úcráin, fad a cheadóidh an tAontas breoslaí iontaise Rúiseacha a bheith á n-allmhairiú; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an tSín agus tíortha eile a mheastar a bheith ag cuidiú le hiarracht chogaidh Mhoscó;

17. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig ag an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát, chuig Uachtarán, Rialtas agus Verkhovna Rada na hÚcráine, chuig údaráis na Rúise agus na Cóiré Thuaidh, agus chuig na Náisiúin Aontaithe.